



Braitheann an todhchaí ort féin

TREOIR

Dara cruinniú iomlánach

22-23 Deireadh Fómhair

A Chomhalta de Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, a chara,

Fáilte go dtí dara cruinniú iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a bheidh ar siúl an **22-23 Deireadh Fómhair 2021** in áitreabh Parlaimint na hEorpa in Strasbourg. Ar an 22 Deireadh Fómhair 2021, eagrófar cruinnithe ullmhúcháin¹ agus an 23 Deireadh Fómhair, beidh cruinniú iomlánach na Comhdhála ar siúl ó 09.00 go 12.30 agus ó 14.00 go 17.00.

Mura bhfuil sé sin déanta agat go fóill, iarrtar ort **an fhoirm chlárúcháin a líonadh ar líne** tríd an nasc a fuair tú i do chuireadh. Tá gá le do chlárúchán chun an próiseas creidiúnaithe agus gnéithe tábhachtacha praiticiúla eile a chur i gcrích.

Nuair a shroichfidh tú áitreabh Parlaimint na hEorpa, bain úsáid as **bealach isteach Weiss** agus lean na comharthaí chuig an '**deasc fáilte**', a bheidh lonnaithe i **nGailearaí Emilio Colombo ar an gcéad urlár (foirgneamh Weiss)**. Ansin, beidh ár gcomhghleacaithe réidh chun fáilte a chur romhat agus chun cabhrú leat teacht ar do bhealach. Is ansin freisin a gheobhaidh tú na doiciméid ábhartha uile, do chárta aitheantais agus an suaitheantas (mura bhfuil siad agat go fóill) atá de dhíth chun rochtain a fháil ar an áitreabh.

Gheobhaidh tú treoir thíos ina bhfuil faisnéis phraiticiúil. Ina theannta sin, táimid ar fáil ag an deasc fáilte chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat a fhreagairt.

Táimid ag súil le fáilte a chur romhat in Strasbourg,

Comhrúnaíocht na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa



Conference
on the **Future**
of **Europe**


¹ Maidir le ham na gcruinnithe ullmhúcháin, féach pointe 2.5 thíos.

1 Ionad

Beidh Cruinniú Iomlánach na Comhdhála ar siúl in áitreabh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg. Tá an Seomra (an Seomra Tionóil) do Chruinniú Iomlánach na Comhdhála lonnaithe i bhfoirgneamh Louise Weiss (marcáilte le H ar an léarscáil). Is féidir a bheith rannpháirteach go cianda freisin agus caithfear é sin a chur in iúl ar an bhfoirm chlárúcháin. Déanfar na sonraí praiticiúla maidir le rannpháirtíocht chianda a chomhroinnt roimh ré leis na Comhaltaí den Chruinniú Iomlánach atá cláraithe le haghaidh rannpháirtíocht chianda.

1.1 ROCHTAIN AR NA FOIRGNIMH

Mura bhfuil suaitheantas agat chun rochtain a fháil ar Pharlaimint na hEorpa, úsáid **bealach isteach Louise Weiss** (allée du Printemps). Tabhair leat do chuireadh, le do thoil. Is féidir leat carrchlós De Madariaga a úsáid.



1.2 DEASC FÁILTE AGUS OIFIGÍ

Beidh **deasc fáilte** lonnaithe i nGailearaí Emilio Colombo ar an gcéad urlár i bhfoirgneamh Weiss chun cabhrú leat teacht ar do bhealach agus doiciméid, do chárta aitheantais agus do shuaitheantas a fháil. **Iarrtar ar Chomhaltaí** a bhfuil **suaitheantas** acu **cheana féin chun dul isteach i bParlaimint na hEorpa (ó Chruinniú Iomlánach deireanach na Comhdhála)** é a thabhairt leo. Cuideoidh ár

gcomhghleacaithe leat freisin, má bhíonn aon cheisteanna breise agat. Beidh na deasca ar oscailt Déardaoin 21 Deireadh Fómhair ó 09:00 go 18:00, Dé hAoine 22 Deireadh Fómhair 2021 ó 08:00 go 18:00 agus Dé Sathairn 23 Deireadh Fómhair 2021 ó 08:00 go 10:00.

Le linn Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, is féidir le Parlaimint na hEorpa spás oifige a chur ar fáil do Chomhaltaí na Comhdhála. Más mian leat ár spás oifige a úsáid, seol ríomhphost chuig commonsecretariat@futureu.europa.eu faoi Dé Máirt, 19 Meitheamh ar a dhéanaí.

2 Seisiún iomlánach

2.1 AM LABHARTHA

Beidh an cruinniú iomlánach ar siúl an 23 Deireadh Fómhair 2021 in áitreabh Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg ó 9.00 go 12.30 agus ó 14.00 go 17.00.

Ní mór **na liostaí cainteoirí** de réir gach comhpháirte den chruinniú iomlánach a chur chuig an gComhrúnaíocht: commonsecretariat@futureu.europa.eu **faoi Dé hAoine 22 Deireadh Fómhair ar 12.00**. Cuirfear an t-am labhartha a leithdháilfear ar na comhpháirteanna iomlánacha in iúl in am trátha. Chomh maith leis an am labhartha réamh-leithdháilte, beidh deis theoranta ann cead labhartha a iarraidh ar feadh 30 soicind i gcomhair freagra/ceist láithreach 30 soicind a chur ar chainteoir atá i láthair go fisiciúil (**am labhartha ‘an chárta ghoirm’**) le linn dhíospóireachtaí na maidine agus na hiarnóna. Ní bheidh an rogha seo ar fáil ach do Chomhaltaí atá i láthair go fisiciúil sa Seomra Tionóil. Déanfar líon na gcártaí gorma in aghaidh gach comhpháirte agus gach díospóireachta a chur in iúl in éineacht leis an am labhartha. Gheobhaidh Comhaltaí an Chruinnithe Iomlánaigh tuilleadh eolais maidir le conas cártaí gorma a úsáid ag a suíochán féin sa Chruinniú Iomlánach.

Má tá sé beartaithe agat **nascadh go cianda**, gheobhaidh tú sonraí an naisc roimh ré. Rachaidh ár dteicneoirí i dteagmháil leat roimh thús Chruinniú Iomlánach na Comhdhála chun an nasc a thástáil.

Tabhair do d'aire go mbeidh tú **ag labhairt ón rostram i lár an tSeomra Tionóil**. Agus cárta gorm á úsáid agat, áfach, beidh tú ag labhairt ó do shuíochán féin.

2.2 PLEAN SUÍOCHÁN

Bíonn Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála ar siúl sa Seomra Tionóil/Seomra mar a shonraítear thuas. Eagrófar na suíocháin in ord aibítre. Gheobhaidh gach Comhalta de Chruinniú Iomlánach na Comhdhála faisnéis faoi uimhir an tsuíocháin a bheidh aice/aici ag an deasc fáilte. Cuideoidh uiséirí leat agus treoróidh siad thú ó bhealach isteach an tSeomra Tionóil go dtí do shuíochán. A luaithe a bheidh tú i do shuí, cuir do chárta aitheantais (a gheobhaidh tú ag an deasc fáilte freisin) isteach sa léitheoir cárta. Tairgfear áit sna háiléir nó sa seomra éisteachta do dhlúthchomhoibrí amháin in aghaidh an Chomhalta.

2.3 ATEANGAIREACHT

Do na Cruinnithe iomlánacha, cuirfear ateangaireacht ar fáil i **24 theanga oifigiúla AE**. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat éisteacht agus labhairt sna teangacha sin.

2.4 DOICIMÉID

Gheobhaidh tú na doiciméid ábhartha sa rannán den Ardán Digiteach Ilteangach a bhaineann le Chruinniú Iomlánach na Comhdhála seacht lá roimh thús an chruinnithe iomlánaigh: <https://futureu.europa.eu/pages/plenary>.

2.5 CRUINNITHE ULLMHÚCHÁIN

Beidh na naoi Meitheal ar siúl in dhá shliotán: Ó 11.00 go 13.00 agus ó 14.00 go 16.00 Dé hAoine 22 Deireadh Fómhair. Roinnfear cumarsáid níos sonraí maidir leis na Meithleacha trí ríomhphost.

Beidh cruinnithe na gcomhpháirteanna ar siúl Déardaoin 21 Deireadh Fómhair, tráthnóna, agus Dé hAoine, an 22 Deireadh Fómhair. Tá na sliotáin cruinnithe a iarradh leithdháilte ar na comhpháirteanna cheana agus cuirfimid na sliotáin sin in iúl duit.

Beidh cruinnithe na bhfinte polaitiúla ar siúl Dé hAoine 22 Deireadh Fómhair idir 18:00 agus 22:00.

Is iad eagraithe na gcruinnithe atá i gceannas ar líon na rannpháirtithe agus ainmneacha do na hainmchláir (cavaliers) a chur ar fáil agus aon riachtanais shonracha eile a chur in iúl chuig: commonsecretariat@futureu.europa.eu. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil srianta Covid-19 fós i bhfeidhm agus go n-oibríonn seomraí le spás do líon laghdaithe daoine. Ba cheart aon athruithe ar an gcóras ateangaireachta a chur in iúl a luaithe is féidir agus déanfaidh na seirbhísí ateangaireachta meastóireacht orthu cás ar chás.

3 Gnéithe praiticiú

3.1 BEARTA SLÁINTE AGUS SLÁINTÍOCHTA IN ÁITREABH PHARLAIMINT NA HEORPA

Reáchtálfar Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála i gcomhréir iomlán leis na rialacha sláintíochta reatha. Tá na rialacha maidir le bearta sláinte agus sábháilteachta i bParlaimint na hEorpa leagtha síos i gcinneadh ón Uachtarán. Áirítear orthu sin go háirithe rialacha maidir le maisec aghaidheanna, scaradh sóisialta agus seiceálacha teochta nuair a théann tú isteach i bhfoirgnimh na Parlaiminte. Tá cóip de na rialacha ar fáil ag an deasc fáilte.

Tabhair do d'aire go bhfuil sé **éigeantach masc aghaidhe leighis** a chumhdaíonn an béal agus an tsrón **a chaitheamh** i gcónaí le linn duit a bheith i bhfoirgnimh na

Parlaiminte, lena n-áirítear **nuair atá tú ag labhairt ó do shuíochán sa Seomra**, agus i gcarranna oifigiúla de chuid na Parlaiminte. **Níl feidhm ag** an gceanglas sin chun masc aghaidhe leighis a chaitheamh maidir le daoine agus iad sa chathaoir i gcruinniú, **ag labhairt ón rostram tosaigh sa chruinniú iomlánach nó ina n-aonar san oifig.**

Iarraimid ort do mhaisc féin a thabhairt leat a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

Maisc aghaidhe leighis nó maisc FFP2 nó análaitheoirí (gan chomhla)



3.2 RIALACHA AGUS BEARTA TAISTIL

3.2.1 Taisteal go Strasbourg

Moltar go láidir féachaint ar na rialacha taistil is déanaí don Fhrainc roimh thaisteal a dhéanamh (de réir do stádais vacsaínithe nó téarnaimh agus de réir 'dhath' na tíre as a dtagann tú):

-) <https://reopen.europa.eu/en/map/FRA/7001>
-) <https://www.diplomatie.gouv.fr/en/coming-to-france/coronavirus-advice-for-foreign-nationals-in-france/>
-) <https://www.interieur.gouv.fr/Actualites/L-actu-du-Ministere/Certificate-of-international-travel>

Daoine a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID an Aontais ('EUDCC') ina seilbh acu, tá cead acu dul isteach sa Fhrainc, gan a bheith faoi réir srianta breise (tástáil nó coraintín), ar choinníoll go bhfuil an méid seo a leanas sa deimhniú:

-) Cruthúnas ar **vacsaíniú** atá bailí:
 - z ó 7 lá tar éis an dara dáileog do vacsaíní insteallta dhúbailte (Pfizer/BioNTech/Comirnaty, Moderna, AstraZeneca/Vaxzevria/Covishield);
 - z ó 28 lá tar éis an insteallta le haghaidh vacsaíní le hinstealladh amháin (Johnson&Johnson/Janssen);

- z ó 7 lá tar éis vacsaín a instealladh do dhaoine atá téarnaithe ó Covid-19 (níl gá ach le 1 instealladh).

nó

J) **Toradh diúltach** ar thástáil COVID-19.

- z Glactar le tástálacha PCR agus antaigineacha araon.
- z Bailíocht: 72 uair an chloig (roimh theacht isteach) do thástálacha PCR agus 48 n-uair an chloig i gcás tástálacha antaigineacha. **TABHAIR DO D'AIRE!** Má tá tú ag taisteal ón gCipir, ón nGréig, ó Mhálta, ón Spáinn, ón Ísiltír nó ón bPortaingéil, ní mór duit an tástáil a dhéanamh níos lú ná 24 uair an chloig roimh d'eitilt.

nó

J) An **toradh ar thástáil dearfach PCR nó tástáil antaigineach** a rinneadh idir 11 lá agus 6 mhí ó shin, lena bhfianaítear an téarnamh ó COVID-19.


Fiú má tá EUDCC agat, ní mór duit **dearbhú faoi mhionn** a chomhlánú anseo: <https://www.interieur.gouv.fr/Actualites/L-actu-du-Ministere/Certificate-of-international-travel>.

3.2.2 Ag imeacht ó Strasbourg

Maidir le himeacht ó Strasbourg, bíonn rialacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an áit a bhfuil tú ag dul. Tugann suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh <https://reopen.europa.eu/ga> forléargas ar an staid sláinte i dtíortha AE, bunaithe ar shonraí ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Tá faisnéis ann freisin faoi na srianta éagsúla atá i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais choraintín agus tástála do thaistealaithe.

3.2.3 Ionad tástála COVID

Beidh **ionad tástála** ar oscailt ó **13.00 go 17.00 De hAoine an 22 Deireadh Fómhair** do Chomhaltaí do agus do bhaill foirne a bhfuil tástáil PCR de dhíth orthu chun críocha taistil. Tá an t-ionad tástála suite ar an **tríú hurlár d'fhoirgneamh WEISS** i limistéar na canála in aice leis an Seomra Tionóil i seomra C03101. Gheobhaidh tú an plean urláir thíos:



3.3 RIALACHA SLÁINTÍOCHTA SA FHRAINIC

Tabhair faoi deara go bhfuil an pas sláinte (*pass sanitaire*) éigeantach chun dul go dtí bialanna, beáir agus caiféanna le haghaidh seirbhísí laistigh agus lasmuigh aráon (lena n-áirítear le haghaidh seirbhís ar ardán), ach ní le haghaidh seirbhísí beir leat. Níl feidhm aige sin maidir leis na saoráidí lónadóireachta laistigh de Pharlaimint na hEorpa.

Seiceáil na bearta sláintíochta is déanaí sa Fhrainc (caitheamh masc, *pass sanitaire*, scaradh fisiciúil/sóisialta):

-) <https://reopen.europa.eu/en/map/FRA/6001>
-) <https://www.gouvernement.fr/en/coronavirus-covid-19>

3.4 SAORÁIDÍ LÓNADÓIREACHTA

Beidh na saoráidí lónadóireachta seo a leanas oscailte agus bia éagsúil agus roghanna maidir le bia a thabhairt leat á dtairiscint:

Déardaoin, 21 Bealtaine:

- Beidh **Beár na mBláthanna** ar oscailt ó 08.00 go 21.00 le seirbhís caifitéire agus béile te ar fáil sa tráthnóna;

Déardaoin, 22 Bealtaine:

- Beidh **Beár na mBláthanna** ar oscailt ó 08.00 go 21.00 le seirbhís caifitéire agus béile te ar fáil sa tráthnóna;

- Beidh an **Bhialann Féinfhrestail** agus a hardán ar oscailt ó 11.45 go 15.00 le rogha béilí teo agus fuara, tosaitheoirí agus milseog;
- Beidh **Bialann / salóin na gComhaltaí** ar oscailt don dinnéar ó 18.30 go 21.00 do ghrúpaí de dheichniúr ar a laghad, agus áirithint déanta acu 24 uair an chloig roimh ré

Déardaoin, 23 Bealtaine:

- Beidh **Beár na mBláthanna** ar oscailt ó 08.00 go 18.00 agus seirbhís caifitéire ar fáil ann;
- Beidh **Beár na gComhaltaí** ar oscailt ó 08.00 go 17.30 agus seirbhís caifitéire ar fáil ann;
- Beidh an **Bhialann Féinfhrestail** agus a hardán ar oscailt ó 11.45 go 15.00 le rogha béilí teo agus fuara, tosaitheoirí agus milseog;
- Beidh **Bialann / salóin na gComhaltaí** ar oscailt don lón ó 11.45 go 15.00 do ghrúpaí de dheichniúr ar a laghad, agus áirithint déanta acu 24 uair an chloig roimh ré

Má bhíonn aon chúnamh uait faoin ábhar, téigh i dteagmháil le:

INLO.Restoration@europarl.europa.eu

3.5 INROCHTAINÉACHT

Tá áitreabh Pharlaimint na hEorpa inrochtana go hiomlán do dhaoine faoi mhíchumas.

Agus tú ag clárú ar líne, cuir do riachtanas speisialta in iúl agus déanfaidh ár seirbhísí a ndícheall fáilte a chur romhat ar an mbealach is fearr agus is féidir.

3.6 IOMPAR

3.6.1 In Strasbourg

Is féidir do bhealach a dhéanamh in Strasbourg go héasca tríd an **iompar poiblí** agus de shiúl na gcos. Tá línte tram os comhair bhealach isteach Louise Weiss na Parlaiminte, áit óna bhfuil seirbhís rialta go lár na cathrach. Tá gréasán fairsing bus ann freisin le stadanna in aice le bealach isteach Winston Churchill. Chun breis eolais a fháil faoi chóras iompair phoiblí Strasbourg, féach <https://www.cts-strasbourg.eu/en/>. Má tá gá leo, tá tacsaithe ar fáil ag bealaí isteach Pharlaimint na hEorpa.

Mar Chomhalta de Chruinniú Iomlánach na Comhdhála, **is féidir leat carranna seirbhíse oifigiúla Parlaimint na hEorpa** a úsáid chun taisteal chuig an bParlaimint agus ón bParlaimint laistigh de Strasbourg (ar choinníoll go bhfuil carranna ar fáil). Is féidir **áirithintí** a dhéanamh leis an **Ionad Áirithintí Carranna**, trí **ríomhphost** más

féidir: cofe.inlotransport@europarl.europa.eu, go díreach ag halla iontrála Churchill nó ar an teileafón: +32 2 28 41000.

Ba cheart go ndéanfaí áirithintí **dhá uair ar a laghad roimh** an turas. Ní mór cloí leis an scaradh sóisialta 1.5 méadar i gcónaí. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go bhfuil úsáid gluaisteán oifigiúil teoranta **d'aon phaisinéir amháin ag aon am amháin i gcarr** agus **do bheirt phaisinéirí ar a mhéad i mionveain**.

Tabhair do d'aire nach bhfuil an tseirbhís seo ar fáil do bhaill foirne tionlacain.

3.6.2 Taisteal chuig agus ó na haerfoirt

Téann traen tointeála ó **Aerfort Strasbourg** go dtí stáisiún Strasbourg agus tógann an turas 8 nóiméad. Chun níos mó eolais a fháil faoi amchláir agus ticéid, féach:

<https://www.strasbourg.aeroport.fr/EN/Passengers/Access/Shuttle-train.html>

Is féidir carranna seirbhíse oifigiúla na Parlaiminte a chur in áirithe freisin (ar choinníoll go bhfuil siad ar fáil) le haghaidh turais chuig agus ó Aerfort Strasbourg. Ní mór áirithintí a dhéanamh tráth nach déanaí ná 20.00 an lá roimhe sin. Níl an tseirbhís seo ar fáil ach do Chomhaltaí an Chruinnithe Iomlánaigh.

Ina theannta sin, cuireann Cathair Strasbourg seirbhís aistrithe ar fáil do Chomhaltaí an Chruinnithe Iomlánaigh i gcarr nó i mbus (ag brath ar líon na n-iarrataí) i gcomhréir iomlán leis na rialacha sláintíochta reatha. Tá an tseirbhís seo ar fáil ag na haerfoirt seo a leanas:

-) **Baden-Karlsruhe:** www.badenairpark.de – halla teachta
-) **Stuttgart:** www.flughafen-stuttgart.de – críochfort 1/an dara hurlár/pointe faisnéise A
-) **Frankfurt am Main:** www.frankfurt-airport.de – críochfort 1/halla B/doras 4/in aice leis an Ionad Fáilte
-) **Bâle-Mulhouse:** www.euroairport.com – halla teachta ar thaobh na Fraince

Déantar áirithintí trí: transport-europe@strasbourg.eu Gheobhaidh tú deimhniú ar d'áirithint trí ríomhphost.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tseirbhís seo, téigh i dteagmháil le seirbhís iompair Chathair Strasbourg;

-) ar an teileafón: + 33 (0)3 68 98 77 03
-) trí ríomhphost: ville-strasbourg@ext.europarl.europa.eu nó transport-europe@strasbourg.eu

3.7 DEASC FAISNÉISE CHATHAIR STRASBOURG

Le linn an Chruinnithe Iomlánaigh, beidh foireann as Cathair Strasbourg ar fáil duit Dé hAoine agus Dé Sathairn chun aon cheisteanna faoi do thréimhse fanachta in Strasbourg agus in Alsace a fhreagairt.

Suíomh: Foirgneamh WEISS, an chéad urlár, oifig T01073, agus foirgneamh CHURCHILL, halla iontrála.

3.8 LÓISTÍN

Má tá seomra óstáin nó lóistín uait le linn na seisiún in Strasbourg, tá seirbhís Euraccueil ar fáil duit. Teil. +33 (0)3 88522838. Ríomhphost: euraccueil@otstrasbourg.fr

Má chinneann tú fanacht in óstán in Kehl (an Ghearmáin) nó sa cheantar máguaird, beidh ort na rialacha is infheidhme maidir le cosc COVID-19 sa Ghearmáin a chur san áireamh. Tá eolas faoi na rialacha maidir le dul isteach sa Ghearmáin le fáil ar leathanach gréasáin Oifig Chónaidhme Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine: <https://www.auswaertiges-amt.de/en/coronavirus/2317268>

Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an lóistín is rogha leat freisin chun eolas a iarraidh faoi na riachtanais is infheidhme maidir le d'fhanacht (úsáid EUDCC, réamhthástáil, etc.).